# Tiomsú Airgid arna dhéanamh ag Cumann na dTuismitheoirí faoi chomhair Tionscadal Talún/Foirgnimh

*(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2024)*

## 1. Réamhrá

D'fhéadfadh go mbeadh scoileanna ag fáil airgid ó chumann na dtuismitheoirí le haghaidh tionscadal talún/foirgnimh. Ba cheart go n-aistreofaí an t-airgead sin chuig cuntas bainc na scoile a luaithe is indéanta.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Na cistí a fhaightear/a úsáidtear le haghaidh tionscadail den sórt sin, gan beann ar an bhfoinse, don talamh agus foirgnimh; ní léirítear mar shócmhainní seasta ar chlár comhardaithe scoile, mar a leagtar amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfaidh, ná ní mheasfar go dtabharfaidh, aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach ina leith, ná aon leas sa chéanna.”

***Tabhair do d'aire:*** I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d’iontaobhaithe agus ó d’iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe.
Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an ioncam a fuarthas, caiteachas agus aistriú an ioncaim agus caiteachais chuig an gciste foirgnimh.

### 2.1. Ioncam a Fuarthas

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí le haghaidh tionscadail chaipitil | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2172 | Ioncam Eile Imfhálaithe Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2. Caiteachas

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí le Cumann na dTuismitheoirí a chaitheamh ar chostas caipitil talún/foirgnimh | DR | 3970 | Ranníocaíochtaí Tuismitheoirí faoi chomhair Costas Caipitil Talún/Foirgnimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| **Gníomh** | **DR/CR** | **Cód Ainmniúil** | **Cur Síos** |
| Aistriú ranníocaíochtaí le Cumann na dTuismitheoirí chuig Cúlchistí Caipitil | DR | 2172 | Ioncam Eile Imfhálaithe Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3902 | Ioncam ó Ranníocaíochtaí Tuismitheoirí le Tionscadail Chaipitiúla<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

### 2.3. Aistriú iarmhéideanna chuig Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh

An bhliain tar éis don tionscadal talún/foirgnimh caipitil a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste talún/foirgnimh.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí faoi chomhair chostas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3902 | Ioncam ó Ranníocaíochtaí Tuismitheoirí le Tionscadail Chaipitiúla Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail talún/foirgnimh caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3970 | Ranníocaíocht Tuismitheoirí le Costas Talún/Foirgnimh Caipitil Caipiteal agus Cúlchistí |

### 2.4 Cuntas ar ranníocaíochtaí tuismitheoirí leis an ioncam tionscadail caipitil gan chaitheamh

Is ioncam imfhálaithe iad ranníocaíochtaí le Cumann na dTuismitheoirí faoi chomhair tionscadail chaipitil agus ní mór an t-iarmhéid nach raibh caite ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2172 'Ioncam Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh'.